

RIALACHÁN RIALTAIS
an 17 Aibreán 2024

**lena leasaítear Rialachán Uimh. 163/2002 ón Rialtas lena leagtar
síos ceanglais theicniúla do tháirgí foirgníochta roghnaithe, arna
leasú**

**De bhun § 22(1) de Ghníomh Uimh. 22/1997 maidir le ceanglais theicniúla le
haghaidh táirgí agus maidir le leasuithe ar ghníomhartha áirithe, arna leasú le
Gníomh Uimh. 205/2002, Gníomh Uimh. 34/2011 agus Gníomh Uimh. 526/2020, (dá
ngairtear an ‘Gníomh’ anseo feasta), ordáíonn an Rialtas an méid seo a leanas chun
§ 11a(2), § 12 agus § 13 den Ghníomh a chur chun feidhme:**

Airteagal I

Leasaítear Rialachán Rialtais Uimh. 163/2002 lena leagtar síos ceanglais theicniúla do
tháirgí foirgníochta roghnaithe, arna leasú le Rialachán Uimh. 312/2005 ón Rialtas agus
Rialachán Uimh. 215/2016 ón Rialtas, mar a leanas:

1. In § 2(1), scriostar an abairt dheireanach.
2. In § 2, cuirtear isteach na míreanna 3 go 5 seo a leanas:
 - (3) Ar bhonn measúnú comhréireachta, eisiónn an monaróir nó an t-allmhaireoir dearbhú comhréireachta de bhun § 13 agus greamaíonn sé marc comhréireachta Phoblacht na Seice leis an táirge; ní gá don mhonaróir ná don allmhaireoir marc comhréireachta Phoblacht na Seice a ghreamú i gcás measúnú comhréireachta le haghaidh aonaid táirgthe de bhun § 9. Leagtar amach an sampla de mharc comhréireachta Phoblacht na Seice in Iarscríbhinn 4 a ghabhann leis an Rialachán seo.
 - (4) Ní mór marc comhréireachta Phoblacht na Seice a ghreamú den táirge go feiceálach, go soléite agus go doscrista. Mura bhfuil sé sin indéanta nó mura bhfuil údar leis mar gheall ar chineál an táirge, déanfar é a cheangal leis an bpacáistíocht nó leis an doiciméadacht a ghabhann leis.
 - (5) Má mhéadaítear nó má laghdaítear marc comhréireachta Phoblacht na Seice, ní mór na comhréireanna idir a eilimintí aonair a urramú. Ní fhéadfaidh airde mharc comhréireachta Phoblacht na Seice a bheith níos lú ná 10 mm.’.
3. In § 13(1), cuirtear fomhír nua (f) isteach i ndiaidh fhomhír (e) atá le léamh mar a leanas:


‘f) sraith iomlán de shaintréithe teicniúla dearbhaithe an táirge a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do cheann amháin ar a laghad de na ceanglais fhíor-riachtanacha don tógáil a liostaítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo; luafar na saintréithe sin laistigh de raon feidhme na tástála cineáil tosaigh agus sloinnfear iad in aicme, leibhéal, teorainnluach nó tuairisc sa chaoi gur féidir an struchtúr a dhearadh agus a thógáil i gceart;’.

Athuimhrítear fomhíreanna (f)–(h) mar fhomhíreanna (g)–(i).

4. In § 13(1)(h), cuirtear na focail ‘comhlíonann an táirge saintréithe dearbhaithe an táirge, a chomhlíonann’ in ionad na bhfocal ‘comhlíonann saintréithe an táirge’ agus cuirtear an focal ‘buan’ isteach i ndiaidh an fhocail ‘cé’.
5. In § 13a(1), cuirtear na focail ‘, eile’ in ionad na bhfocal ‘nó eile’ agus cuirtear na focail ‘nó sa Tuirc’ isteach i ndiaidh an fhocail ‘limistéar’.
6. In § 13a(2), cuirtear na focail ‘, 10 agus 13’ in ionad na bhfocal ‘agus § 10’.
7. Cuirtear Iarscríbhinn 4 isteach, agus léitear an ceannteideal mar seo a leanas:

‘Iarscríbhinn 4

Sampla d’fhoirm ghrafach mharc comhréireachta Phoblacht na Seice



Nóta: Taispeántar an patrún ar ghreille chúnta nach cuid de mharc comhréireachta Phoblacht na Seice í agus úsáidtear é chun é a mhéadú nó a laghdú go comhréireach.’.

Airteagal II

Forálacha idirthréimhseacha

1. Beidh táirgí a chuirfear ar an margadh roimh dháta éifeachtach an Rialacháin Rialtais seo faoi réir na reachtaíochta a bheidh i bhfeidhm tráth a gcuirtear ar an margadh iad.
2. Féadfar doiciméid a eisítear nó a fhaightear le linn measúnú comhréireachta roimh dháta éifeachtach an Rialacháin seo, a úsáid chun measúnú comhréireachta a eisiúint de bhun Rialachán Uimh. 163/2002, arna leasú amhail ó dháta éifeachtach an Rialacháin seo.
3. Dearbhú comhréireachta a ndearnadh an nós imeachta um measúnú comhréireachta ina leith de bhun § 7 de Rialachán Uimh. 163/2002 ón Rialtas, arna

leasú roimh dháta éifeachtach an Rialacháin seo, a eisíodh roimh dháta éifeachtach an Rialacháin seo, leanfaidh sé de bheith bailí ar feadh na tréimhse a shonraítear ann.

4. Maidir le dearbhú comhréireachta a ndearnadh an nós imeachta um measúnú comhréireachta ina leith de bhun §§ 5 to 6, 8 or 9 de Rialachán Uimh. 163/2002, ón Rialtas, arna leasú roimh dháta éifeachtach an Rialacháin seo, a eisíodh roimh dháta éifeachtach an Rialacháin seo, beidh sé bailí go dtí go mbeidh athrú ar na himthosca faoinar eisíodh an dearbhú comhréireachta, ach ní bheidh sé bailí go ceann tréimhse níos faide ná 3 bliana tar éis dháta éifeachtach an Rialacháin seo.

Airteagal III

Forálacha críochnaitheacha

Tugadh fógra faoin bhFhoraithne seo i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise.

Airteagal IV

Dáta éifeachtach

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025.

Príomh-Aire

an tOllamh PhDr. Fiala, PhD, LL.M., m. p.

An tAire Tionscail agus Trádála:

Ing. Síkela m. p.
